AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 724 final

2021/0379 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 572 final} - {SWD(2021) 344 final} - {SWD(2021) 345 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Maidir le bunú Pointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) faoi 2024, is beart suaitheanta é de chuid Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil (CMU) a ghlac an Coimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2020[1]. Rannchuideoidh ESAP le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach trí rochtain uile-AE a sholáthar ar fhaisnéis arna foilsiú ag eintitis atá ábhartha maidir le margaí caipitil, seirbhísí airgeadais agus airgeadas inbhuanaithe, i.e. faisnéis faoina ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus faoina dtáirgí eacnamaíocha, go príomha. Soláthróidh ESAP rochtain ar an bhfaisnéis sin ar bhealach éifeachtúil neamh-idirdhealaitheach.

Tá faisnéis faoi ghníomhaíochtaí agus táirgí na n-eintiteas fíor-riachtanach chun gur féidir leis na soláthraithe caipitil cinntí a dhéanamh. Le ESAP, rannchuideofar leis na seirbhísí airgeadais agus na margaí caipitil a chomhtháthú a thuilleadh sa mhargadh aonair, le caipiteal a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla ar fud an Aontais agus le forbairt na margaí caipitil agus na mbonneagar náisiúnta níos lú a chur chun cinn trí infheictheacht níos mó a thabhairt dóibh. Cuirfidh ESAP ar chumas eintiteas neamhliostaithe, lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) faisnéis a sholáthar ar bhonn deonach. Éascófar leis sin an rochtain atá acu ar chaipiteal.

Tá an togra seo ina chuid de phacáiste ina gcuimsítear na nithe seo a leanas:

- togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach (an togra seo);
- togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoracha áirithe (an togra seo); agus
- togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin áirithe.

Tá leasuithe ar Threoracha áirithe riachtanach chun na cuspóirí thuas a bhaint amach chun rannchuidiú le comhtháthú an mhargaidh aonair, go háirithe maidir le bailiú faisnéise atá le soláthar do ESAP.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuireann an togra seo le ceanglais na reachtaíochta atá ann cheana i réimse na seirbhísí airgeadais, na margaí caipitil agus an mhaoinithe inbhuanaithe. Ionas gur féidir leis na margaí airgeadais feidhmiú go héifeachtúil, tá sé fíor-riachtanach sreabhadh rialta faisnéise a bhaineann leis an gcuideachta agus atá ábhartha, iontaofa, iomlán, tráthúil agus inchomparáide a threorú chuig rannpháirtithe sa mhargadh agus páirtithe leasmhara eile.

Ní chruthaítear leis an togra seo aon oibleagáid tuairiscithe nua i dtéarmaí ábhair, ach cuireann sé leis na ceanglais maidir le nochtadh atá ann cheana a bheartaítear i ngníomhartha dlíthiúla an Aontais Eorpaigh a leasaítear leis an togra seo.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua, 24.9.2020, COM/2020/590 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Rannchuidíonn an togra seo le cur chun feidhme na straitéise Eorpaí le haghaidh sonraí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún a foilsíodh i mí Feabhra 2020[2], ionas gur féidir faisnéis ábhartha a chur ar fáil i spás airgeadais coiteann Eorpach sonraí. Cuid de na spásanna sonraí airgeadais Eorpacha is ea é ESAP a chuirtear i láthair sa straitéis.

Sa Straitéis maidir le Maoiniú an Aistrithe chuig Geilleagar Inbhuanaithe[3], chuir an Coimisiún maoiniú inbhuanaithe i gcroílár an chórais airgeadais agus mar réamhchoinníoll i ndáil le creat cumasúcháin a chruthú d'infheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe.

Ina theannta sin, rannchuidíonn an togra seo le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[4] a bhaint amach agus leis an Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú trí aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht agus inúsáidteacht faisnéise faoi inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí na n-eintiteas Eorpach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagail 50, 53, 62 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra. Is é Airteagal 50 CFAE an bunús dlí le bearta an Aontais a ghlacadh ar aidhm dóibh an ceart bunaíochta sa mhargadh aonair a bhaint amach i ndlí na gcuideachtaí. Le hAirteagal 50 CFAE, tugtar sainordú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gníomhú trí bhíthin treoracha. Ina theannta sin, is gníomh ginearálta dlí é Airteagal 114 CFAE arb é is cuspóir dó feidhmiú an mhargaidh aonair a bhunú nó a áirithiú - is é sin saorghluaiseacht chaipitil sa chás seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit leo féin cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach go leordhóthanach. Tá saoirse áirithe ag na Ballstáit faoi láthair rialacha a cheapadh maidir le sásraí agus formáidí oibleagáidí tuairiscithe chorparáidigh atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais. Dá thoradh sin, tá ilroinnt gheografach agus théamach na sásraí agus na bhformáidí nochta ann go forleathan san Aontas, rud a chuireann le costais rochtana agus próiseála d'úsáideoirí faisnéise corparáidí. Dá ndéanfadh na Ballstáit tuilleadh gníomhaíochtaí ar bhonn aonair, ní laghdófaí an ilroinnt sin ach amháin dá mbogfaidís sa treo céanna chun pointe rochtana aonair a bhunú agus chun aghaidh a thabhairt ar roinnt bacainní, rud nach dócha gan cur chuige comhordaithe a bheith ann.

Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

---

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, 19.2.2020, COM/2020/66 final.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir le Maoiniú an Aistrithe chuig geilleagar inbhuanaithe, 6.7.2021, COM/2021/390 final.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An comhaontú glas don Eoraip, 11.12.2019, COM/2019/640 final.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an tionscnaimh seo a ghnóthú. Leis an togra seo ní chuirfear oibleagáidí tuairiscithe nua leis ná ní dhéanfar iad a mhodhnú i dtéarmaí ábhair. Chun an t-ualach ar eintitis agus ar údaráis náisiúnta a íoslaghdú, cuireann ESAP leis na bealaí tuairiscithe sonraí agus leis an mbonneagar atá ann cheana, a mhéid is féidir.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb í Treoir Omnibus an ionstraim dlí is iomchuí chun treoracha atá ann cheana a leasú chun ESAP a bhunú ós rud é go sonraítear i bhformhór na bhforálacha inti an fhaisnéis phoiblí ba cheart a chur faoi bhráid ESAP trí chomhlacht bailiúcháin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo – inter alia – baintear leas as seiceáil oiriúnachta ar chreat AE le haghaidh tuairisciú poiblí ag eintitis a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Aibreáin 2021[5]. Toradh ríthábhachtach ar an tseiceáil oiriúnachta seo is ea an gá leas a bhaint as acmhainneacht na n-uirlisí digiteacha chun rochtain ar fhaisnéis rialáilte arna nochtadh ag eintitis, chomh maith le húsáid agus athúsáid na faisnéise sin a fheabhsú. Go háirithe, sa tseiceáil oiriúnachta cuireadh i dtábhacht nach raibh aon phointe rochtana aonair uile-AE ann maidir le faisnéis rialáilte agus ó thaobh a theoranta atá meaisín-inléiteacht na faisnéise arna nochtadh ag eintitis ar fud an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Déantar achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin agus ar na príomhchonclúidí ar a bhfuil an togra seo bunaithe in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ESAP[6]. Ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin, bhí comhairliúchán spriocdhírithe ar líne, ceardlanna i gcomhar le catagóirí éagsúla páirtithe leasmhara ábhartha, agus ionchur ó ghrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú ag an gCoimisiún, go háirithe an Fóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil[7].

Tríd agus tríd, chuir na grúpaí páirtithe leasmhara uile a ndeachthas i gcomhairle leo fáilte roimh thionscnamh an Choimisiúin maidir le ESAP agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad le cur chun feidhme de réir a chéile chun an fhaisnéis maidir le ESAP a chur ar fáil i gcéimeanna éagsúla agus tús áite a thabhairt di. Leag na páirtithe leasmhara béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as prionsabal 'comhadú uair amháin'. Leag ullmhaitheoirí na faisnéise atá le tuairisciú go poiblí agus FBManna béim freisin ar an ngá atá ann ualaí breise riaracháin a

---

5 SWD(2021) 81 final, an 21 Aibreán 2021;

6 SWD(2021)XXX an [dáta].

7 Mhol an Fóram Ardleibhéil gur cheart do ESAP rochtain a thabhairt 'd'eintitis' ar fhaisnéis phoiblí airgeadais agus neamhairgeadais, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis phoiblí maidir le táirgí airgeadais nó maidir le gníomhaíocht ábhartha […], faisnéis ar féidir leis an bpobal rochtain shaor a fháil uirthi agus í saor ó tháillí nó ó úsáid ceadúnais.' Féach Tuarascáil Chríochnaitheach an Fhóraim Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil. A New Vision for Europe's Capital markets [Fís nua do mhargaí caipitil na hEorpa], Meitheamh 2020.

sheachaint, lena n-áirítear gan oibleagáidí tuairiscithe nua a thabhairt isteach le haghaidh eintiteas.

Thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara le raon leathan faisnéise atá le cur san áireamh in ESAP lena gcumhdaítear faisnéis airgeadais agus faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht araon. Chreid formhór mór na bpáirtithe leasmhara go mbeadh caighdeánú na faisnéise faoi chomhchreat tuairiscithe ina bhfuil scéimeanna coiteanna agus meiteashonraí coiteanna úsáideach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hinchomparáideacht, iontaofacht, agus in-athúsáideacht faisnéise. Luaigh siad freisin i dtaca leis an easpa atá ann maidir le caighdeáin choiteanna den sórt sin, go bhfuil sé ar cheann de na príomhbhacainní ar úsáideoirí agus ar an tsochaí nuair a thugann siad aghaidh ar fhaisnéis shóisialta agus rialachais, chomh maith le faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol agus airgeadas a phróiseáil.

Tá tuairimí comhchosúla ag formhór na bpáirtithe leasmhara maidir le gné an bhonneagair agus maidir leis an gcaoi ar cheart do ESAP faisnéis a bhailiú, agus tugann siad le fios gur cheart do ESAP cur leis na bealaí tuairiscithe náisiúnta nó Eorpacha atá ann cheana. Ina theannta sin, d'iarr páirtithe leasmhara go gcuirfí faisnéis ar fáil trí ESAP nuair a fhoilsítear í i meán nó ar bhealach ar bith eile, is é sin san am céanna.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

An measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo, baineann sé leas freisin as sonraí atá ar fáil ó thaighde deisce agus go háirithe as na staidéir agus an saineolas seo a leanas:

- Staidéar ar 'Regulatory framework analysis for potential integration into the European Electronic Access Point (EEAP)' [Anailís ar an gcreat rialála le haghaidh comhtháthú a d'fhéadfaí a dhéanamh sa Phointe Rochtana Leictreonach Eorpach (EEAP)][8];
- 'Impact Assessment study on the list of High Value Datasets to be made available by the Member States under the Open Data Directive' [Staidéar ar Mheasúnú Tionchair ar liosta na dTacar Sonraí Ardluacha atá le cur ar fáil ag na Ballstáit faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte][9];
- Saineolas arna soláthar ag Business Reporting – Advisory Group (BR-AG), cuideachta atá faoi chonradh go sonrach chun cabhrú leis an gCoimisiún le haghaidh an tionscnaimh seo.

Bhí an t-ábhar a bailíodh agus a úsáideadh chun an measúnú tionchair a chothú fíorasach nó tháinig sé ar bhealach eile ó fhoinsí aitheanta a bhfuil dea-chliú orthu agus a fheidhmíonn mar thagarmharcanna agus mar phointí tagartha le haghaidh an ábhair. Tríd is tríd, rinneadh ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a láimhseáil mar thuairimí, ach amháin más ionchur de chineál fíorasach a bhí ann.

- **Measúnú tionchair**

Scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo an 22 Iúil 2021. Thug an Bord tuairim dhearfach ina raibh roinnt tuairimí, agus thug an Coimisiún aghaidh orthu sin sa leagan críochnaitheach den Mheasúnú Tionchair (tá mionsonraí in Iarscríbhinn 1 de).

[8] ISBN 978-92-76-13304-9.
[9] ISBN 978-92-76-25267-2.

Sa Mheasúnú Tionchair, déantar anailís ar roinnt roghanna beartais chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach maidir le rochtain chomhtháite gan bhriseadh a chumasú ar fhaisnéis phoiblí na n-eintiteas ábhartha agus chun úsáid dhigiteach (agus athúsáid) na faisnéise sin a mhéadú. Na roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an togra seo, baineann siad leis na gnéithe seo a leanas: (1) raon feidhme na faisnéise a bhfuil rochtain uirthi trí ESAP; (2) formáid na faisnéise a bhfuil rochtain uirthi trí ESAP; (3) bailiú na faisnéise a bhfuil rochtain uirthi trí ESAP agus idirnascadh na bpointí bailiúcháin atá ann cheana. Seo na príomhghnéithe ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh agus is iad príomhchinntithigh na gcostas iad freisin.

Rinneadh measúnú freisin ar na gnéithe seo a leanas, cé go meastar go bhfuil siad níos teicniúla agus nach bhfuil siad chomh tábhachtach céanna chun cuspóirí sonracha ESAP a bhaint amach: (i) tráthúlacht maidir le hinrochtaineacht faisnéise trí ESAP; (ii) sláine na sonraí agus creidiúnacht na foinse a áirithiú; (iii) marthanú; (iv) tréimhse coinneála: (v) prionsabail maidir le 'faisnéis dheonach' a mbeidh rochtain uirthi trí ESAP.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra seo, tugtar aghaidh go príomha ar chomhlachtaí bailiúcháin a ainmniú a bhfuil gá leo chun ESAP a bhunú. Trí bhealaí nochta a chuíchóiriú, tiocfaidh simpliú agus éifeachtúlacht fheabhsaithe as ESAP, ar thaobh an éilimh (úsáideoirí) den chuid is mó, agus beidh costais chuardaigh agus phróiseála laghdaithe ann chomh maith, agus go pointe áirithe d'eintitis ó thaobh oibleagáidí comhdaithe de.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh ESAP feabhas ar an rochtain ar fhaisnéis ina n-áirítear sonraí pearsanta. Tá gá leis sin chun nuálaíocht shonraíbhunaithe sa réimse airgeadais a chur chun cinn, chun cuidiú le margaí caipitil na hEorpa a chomhtháthú, chun infheistíochtaí a threorú chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus chun éifeachtúlachtaí a chruthú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. San am céanna, ní chuirfidh ESAP feabhas ar rochtain ach amháin i gcás sonraí pearsanta is gá a phróiseáil de bhun dhlí an Aontais nó bunús dlí eile de bhun Rialachán (AE) 2016/679[10], toisc nach dtugtar isteach ceanglais nua maidir le tuairisciú sonraí i dteannta na gceanglas atá ann cheana.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an togra seo, tugtar aghaidh ar na heintitis a chomhdaíonn faisnéis agus ar na comhlachtaí bailiúcháin, den chuid is mó.

Chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach ar an mbealach is fearr, níl aon impleacht bhreise ag an togra seo ó thaobh costas ná an méid atá neamhchosanta ar an ráiteas airgeadais dlíthiúil agus na himpleachtaí buiséadacha atá ag an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ESAP do chomhlachtaí bailiúcháin náisiúnta nó do chomhlachtaí bailiúcháin de chuid an Aontais (Sásraí a Cheapfar go hOifigiúil, Údaráis Inniúla Náisiúnta, Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha dá dtagraítear i gcomhthéacs reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, margaí caipitil agus inbhuanaitheacht).

[10] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena naisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

I gcás na gcomhlachtaí bailiúcháin, meastar gur thart ar EUR 50 800 ar an leibhéal aonair (aonuaire) a bheadh na costais a bhaineann leis an AE/comhlachtaí bailithe náisiúnta a idirnascadh le ESAP (bunaithe go príomha ar Chomhéadain Ríomhchláraithe Feidhmchláir a fhorbairt), agus san am céanna, is isteach agus amach le EUR 6,500 na costais athfhillteacha bliantúla a bheadh ann ar an leibhéil aonair. I gcásanna áirithe, tá sineirgí láidre ann le cúraimí atá ann cheana féin nó le tionscadail atá pleanáilte cheana féin ag comhlachtaí bailiúcháin, amhail an togra le déanaí chun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú chun an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a chumhachtú chun foilsiú nochtadh stuamachta bliantúil, leathbhliantúil agus ráithiúil na n-institiúidí a lárú. Feidhmeoidh ÚBE mar chomhlacht bailiúcháin i ndáil leis an bhfaisnéis sin i gcomhthéacs ASAP[11]. Cuireann an togra seo freisin leis na Sásraí a Ceapadh go hOifigiúil agus a bhailíonn faisnéis rialáilte faoi láthair ó eisitheoirí urrús inaistrithe atá liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais de bhun na Treorach um Trédhearcacht[12].

EUR 800 in aghaidh na bliana a bheadh i gcostais ar na heintitis chomhdaithe (costais chomhdaithe) ina mbeadh na costais a bhaineann le haitheantóir eintitis dhlítheanaigh a fháil, uirlisí sínithe, deimhniú digiteach, agus táillí comhdaithe féideartha arna ngearradh ag na comhlachtaí bailiúcháin (meastachán a bheadh faoi cheangal níos airde – sainchumas náisiúnta a bheidh i maoiniú na gcomhlachtaí bailiúcháin, agus d'fhéadfadh maoiniú poiblí a bheith san áireamh go coitianta). EUR 121.4 milliún in aghaidh na bliana a bheadh sna costais sin do na heintitis chomhdaithe ar fad.

Ní féidir impleachtaí buiséadacha an mhéid thuas maidir leis na buiséid náisiúnta a thuar go cinnte cé is moite den scrúdú a dhéanfar ar chostais, mar go mbeidh sin ag brath ar go leor tosca, lena n-áirítear cibé acu comhlacht bailiúcháin poiblí nó príobháideach é, na socruithe maoinithe atá acu faoi láthair, etc.

Cuireann an Coimisiún saineolas saincheaptha ar fáil trí Thionscnamh Tacaíochta Teicniúla (TSI) chun cabhrú le Ballstáit de chuid an Aontais athchóirithe feabhsaithe fáis a cheapadh agus a chur chun feidhme i raon leathan réimsí beartais. Leis an gclár sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheach ón gCoimisiún, is féidir an tacaíocht theicniúil le haghaidh cur chun feidhme ESAP ag na húdaráis inniúla náisiúnta a mhaoiniú go páirteach, arna iarraidh sin dóibh. Trí chlár TSI, déanfaidh an Coimisiún ionchur a sholáthar maidir le gnéithe praiticiúla na n-athchóirithe freisin. D'fhéadfadh sin a bheith i bhfoirm comhairle straitéisí nó dlí, staidéir, oiliúna agus misin intíre ag saineolaithe. Tá an maoiniú a sholáthraítear tríd an STI bunaithe ar na babhtaí iarratais bliantúla.

[11] Féach na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus íoslaghdaithe an aschuir, go háirithe na leasuithe ar Airteagal 433.

[12] Féach Airteagal 21(1) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 arna leasú.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní éilítear plean cur chun feidhme leis an togra seo.

Bheadh sé de chúram ar ESMA faireachán a dhéanamh ar eilimintí áirithe den togra seo, go háirithe a mhéid a bhaineann lena inléite atá an fhaisnéis, i gcomhréir leis an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear ESAP.

Áirítear clásal athbhreithnithe don phacáiste sa togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear ESAP.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le gach Airteagal den togra seo leasaítear Treoir shonrach i measc na gceann atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear ESAP, trí fhoráil bhreise a thabhairt isteach lena rialófar na gnéithe sonracha seo a leanas chun feidhmiú ESAP a chumasú:

(1) Nochtadh agus formáid faisnéise áirithe

Sonraítear san fhoráil bhreise sin nach mór aon fhaisnéis, aon doiciméad agus aon tuarascáil arna cur ar fáil go poiblí faoi dhlí an Aontais ag eintiteas (lena n-áirítear eisitheoirí urrús, iniúchóirí, cistí agus bainisteoirí cistí, cuideachtaí, institiúidí, gnólachtaí infheistíochta, nó institiúidí creidmheasa, de réir mar is infheidhme), a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin a fhoilseofar i bhformáid inbhainte sonraí nó i bhformáid mheaisín-inléite, i gcás ina gceanglaítear sin faoi dhlí an Aontais, agus iad á bhfoilsiú go comhuaineach.

Sonraítear san fhoráil sin freisin nach mór ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] a bheith ag gabháil le haon fhaisnéis, doiciméad agus tuarascáil atá le cur ar fáil go poiblí agus nach mór na meiteashonraí seo a leanas ar a laghad a bheith ar áireamh iontu:

– ainm an eintitis atá ag cur na faisnéise isteach;

– aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh;

– méid an eintitis;

– an cineál faisnéise;

– an tréimhse shonrach ama ina gcuirfear an fhaisnéis ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

Is é an tÚdarás Maoirseachta Eorpach ábhartha (i.e. ESMA, ÚBE nó ÚEÁPC) a fhorbróidh dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, bunaithe ar anailís chostais is sochair, chun an méid seo a leanas a shonrú:

– aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

– struchtúrú na sonraí ar an bhfaisnéis;

[13] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

– an fhormáid mheaisín-inléite.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

(2) Ainmniú na gcomhlachtaí bailithe

Sonraítear san fhoráil seo an comhlacht bailiúcháin ábhartha ar cheart d'eintiteas comhdaithe an fhaisnéis a chur faoina bhráid. I gcás ina sainaithnítear comhlacht bailiúcháin cheana féin i dtreoir, déanfar é a ainmniú go sonrach chun faisnéis a bhailiú chun críche ESAP. Nuair nach féidir aon chomhlacht bailiúcháin a shainaithint laistigh de threoir chun críche ESAP, déantar cúram a bheith ina gcomhlachtaí bailiúcháin chun críche ESAP a chineachadh ar shásraí arna gceapadh go hoifigiúil agus arna mbunú faoi Threoir 2004/109/CE (an Treoir Trédhearcachta).

(3) Dáta cur i bhfeidhm

An dáta cur i bhfeidhm a shonraítear i ngach Airteagal, cinneann sé cén uair a thiocfaidh Treoir shonrach agus a hoibleagáidí gaolmhara maidir le nochtadh faoi raon feidhme ESAP.

2021/0379 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 50, 53, 62, agus 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil[15], mhol an Coimisiún feabhas a chur ar rochtain an phobail ar fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais de chuid eintiteas trí Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) a thógáil. Le Straitéis Airgeadais Dhigitigh an Choimisiúin[16], leagadh amach línte ginearálta maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh an Eoraip tacú le claochlú digiteach an airgeadais sna blianta atá le teacht, agus chun airgeadas sonraíbhunaithe a chur chun cinn go háirithe. Sa Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú[17], chuir an Coimisiún maoiniú inbhuanaithe i gcroílár an chórais airgeadais mar phríomhbhealach chun aistriú glas gheilleagar an Aontais a bhaint amach, mar chuid den Chomhaontú Glas[18].

14 IO C […], […], lch. […].

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí - plean gníomhaíochta nua, 24.9.2020, COM/2020/590 final.

16 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis airgeadais dhigitigh don Aontas Eorpach, 24.9.2020, COM/2020/591 final.

17 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú, 6.7.2021, COM/2021/390 final.

18 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí - An comhaontú glas don Eoraip, 11.12.2019, COM/2019/640 final.

(2) Tá ESAP le bunú i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán ESAP][19] chun rochtain éasca ar shonraí a chumasú le haghaidh cinnteoirí sa gheilleagar agus sa tsochaí chun cinntí fónta a dhéanamh a fhreastalaíonn ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Dá rollfaí amach spásanna coiteanna sonraí Eorpach in earnálacha ríthábhachtacha, lena n-áirítear an earnáil airgeadais, d'fhreastalófaí ar an gcuspóir sin. Meastar go rachaidh an domhan airgeadais faoi chlaochlú digiteach sna blianta atá le teacht, agus ba cheart don Aontas tacú leis seo, trí airgeadas sonraíbhunaithe a chur chun cinn go háirithe. Ina theannta sin, maidir le hairgeadas inbhuanaithe a chur i gcroílár an chórais airgeadais, is príomhbhealach é chun aistriú glas gheilleagar an Aontais a bhaint amach. Ionas go n-éireoidh leis an aistriú glas trí airgeadas inbhuanaithe, tá sé riachtanach go mbeidh rochtain éasca ar fhaisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht na ngnólachtaí ag infheisteoirí ionas go mbeidh siad níos eolaí agus cinntí á ndéanamh acu faoi infheistíochtaí. Chun na críocha sin, maidir le rochtain an phobail ar fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a gceanglaítear orthu faisnéis a chur ar fáil don phobal, nó maidir le faisnéis airgeadais nó faisnéis a bhaineann leis an inbhuanaitheacht i dtaobh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur faoi bhráid comhlacht bailiúcháin ar bhonn deonach ('eintitis'), ba cheart iad a fheabhsú. Is modh éifeachtúil é chun é sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ardán láraithe, ESAP, a bhunú, lena dtabharfar rochtain leictreonach ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

(3) Ba cheart do ESAP rochtain éasca láraithe a chur ar fáil don phobal ar fhaisnéis faoi eintitis agus faoina dtáirgí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht a cheanglaítear ar údaráis agus eintitis a fhoilsiú i gcomhréir le líon áirithe Treoracha sa réimse sin. In aon chás, féadfaidh aon eintiteas faisnéis faoina ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha a chur faoi bhráid seirbhísí airgeadais, nó faoi bhráid margaí caipitil, nó maidir le faisnéis faoin inbhuanaitheacht, faoi bhráid comhlacht bailiúcháin d'fhonn an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar EASP i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán ESAP].

(4) Ba cheart líon áirithe Treoracha i réimse na seirbhísí airgeadais, na margaí caipitil agus na hinbhuanaitheachta a leasú d'fhonn feidhmiú ESAP a chumasú. Ionas go bhféadfadh ESAP a fheidhmiú go fónta agus go héifeachtúil ar mhodh comhréireach, ba ghá d'uas-scálú an bhailithe agus do chur isteach na faisnéise a dhéanamh de réir a chéile.

(5) Ar mhaithe le feidhmiú ESAP, ba cheart comhlachtaí bailiúcháin a ainmniú chun faisnéis a bhaineann le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht a bhailiú ón eintiteas. In éagmais comhlachta bailiúcháin arna bhunú cheana faoi dhlí an Aontais, déanfaidh na Ballstáit ceann de na Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil arna mbunú faoi Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] a ainmniú chun an fhaisnéis a bhailiú agus a stóráil, agus tabharfaidh siad fógra don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) dá réir sin. An Sásra sin atá Ceaptha go hOifigiúil, ba cheart dó gníomhú mar chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) XXXX/XXX [Rialachán

19 [*OP: Cuir isteach an fonóta comhfhreagrach, le do thoil: an teideal iomlán agus an tagairt IO*].

20 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

ESAP] agus ba cheart dó na cúraimí sonracha a leagtar amach sa Rialachán sin a dhéanamh. I gcás ina gceanglaítear faoi dhlí an Aontais ar Údarás Maoirseachta Eorpach nó údarás inniúil faisnéis a tharraingt suas agus a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin maidir leis na heintitis agus lena dtáirgí airgeadais i ndáil le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht, ba cheart don údarás sin gníomhú mar chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) XXXX/XXX [Rialachán ESAP]. Ba cheart don údarás sin an fhaisnéis a fhoilsiú i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti, ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis a chur san áireamh, agus an cineál faisnéise a shonrú.

(6) Chun a áirithiú go soláthróidh ESAP rochtain thráthúil ar fhaisnéis atá ábhartha le haghaidh seirbhísí airgeadais, margaí caipitil agus na hinbhuanaitheachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) XXXX/XXX [Rialachán ESAP], ba cheart d'eintitis a bhfaisnéis a chur faoi bhráid chomhlacht bailiúcháin tráth a chuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil don phobal.

(7) Ionas go bhféadfaí an fhaisnéis a úsáid go digiteach, ba cheart do na heintitis an fhaisnéis a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí bailiúcháin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti nó, i gcás ina gceanglaítear a leithéid faoi dhlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite. Ba cheart freisin do na heintitis na meiteashonraí a iarrtar ó na comhlachtaí bailiúcháin a chur leis an bhfaisnéis a chuireann siad faoi bhráid na gcomhlachtaí bailiúcháin sin. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag an Údarás Maoirseachta Eorpach ábhartha a ghlacadh lena sonrófar na meiteashonraí le haghaidh gach píosa faisnéise, struchtúrú sonraí na faisnéise, agus an fhaisnéis a gceanglaítear an fhormáid mheaisín-inléite ina leith agus cén fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid sa chás sin.

(8) Ba cheart freagracht a leagan ar eintitis as an bhfaisnéis a chuireann siad faoi bhráid na gcomhlachtaí bailiúcháin. Dá n-áiritheofaí sláine sonraí agus inchreidteacht na foinse, chumasófaí cosaint na n-eintiteas ó athrú míchuí ar a bhfaisnéis, agus chothófaí muinín an phobail in ESAP. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh ríomhshéala cáilithe, arna chur san áireamh ag an eintiteas tuairiscithe maidir leis an bhfaisnéis arna cur faoi bhráid na gcomhlachtaí bailiúcháin i gcás ina bhfuil gá le séala den sórt sin, ag gabháil le doiciméid a chuireann eintitis faoi bhráid na gcomhlachtaí bailiúcháin, i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXXX/XXX [Rialachán ESAP].

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725[21] agus thug sé a thuairim uaidh an [cuir isteach an dáta][22].

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon na ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh na faisnéise poiblí is ceart a bheith inrochtana trí ESAP a chomhchuibhiú, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir mar sin, de thairbhe a raoin feidhme nó a éifeachtaí, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais,

---

21 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

22 IO C […], […], lch. […].

féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(11) Ba cheart na Treoracha seo a leanas a leasú dá réir.

– Treoir 2002/87/CE maidir le maoirsiú forlíontach na n-institiúidí creidmheasa, gnóthas árachais agus gnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais[23];

– Treoir 2004/25/CE maidir le tairiscintí táthcheangail[24] ;

– Treoir 2004/109/CE maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte[25] ;

– Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite[26];

– Treoir 2007/36/CE maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe[27];

– Treoir 2009/65/CE maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI)[28];

– Treoir 2009/138/CE maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II)[29];

– Treoir 2011/61/AE maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha[30];

---

23 Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirsiú forlíontach na n-institiúidí creidmheasa, gnóthas árachais agus gnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1).

24 Treoir 2004/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le tairiscintí táthcheangail (IO L 142, 30.4.2004, lch. 12).

25 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

26 Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

27 Treoir 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe (IO L 184, 14.7.2007, lch. 17).

28 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

29 Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

30 Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

– Treoir 2013/34/AE maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas[31];

– Treoir 2013/36/AE maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta[32];

– Treoir 2014/59/AE lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach[33];

– Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais[34];

– Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáileadh árachais[35];

– Treoir (AE) 2016/2341 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirsiú institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna)[36];

– Treoir (AE) 2019/2034 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta[37];

– Treoir (AE) 2019/2162 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach[38] ,

---

31 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

32 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

33 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

34 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

35 Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

36 Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht ar institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

37 Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

38 Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasú ar Threoir 2002/87/CE

I dTreoir 2002/87/CE, cuirtear an tAirteagal 30b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 30b

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na heintitis rialáilte, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 9(4) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX[Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile an eintitis rialáilte lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis rialáilte, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an eintitis rialáilte de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b)(ii) ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis rialáilte an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a fháil mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, chun críocha mhír 1, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

4. D’fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh ESMA measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 2
Leasú ar Threoir 2004/25/CE

I dTreoir 2004/25/CE, cuirtear an tAirteagal 16a seo a leanas isteach:

'Airteagal 16a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 4(2), pointe (c), Airteagal 5(4), Airteagal 6(1), Airteagal 6(2) agus Airteagal 9(5) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

(i) ainmneacha uile na cuideachta lena mbaineann an fhaisnéis;

(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na cuideachta, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iii) méid na cuideachta de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

(c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b)(ii) den Airteagal seo, ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a fháil mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. D'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 4(1) den Treoir seo a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na faisnéise arna cur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ESMA anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ESMA measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 3
Leasuithe ar Threoir 2004/109/CE

Leasaítear Treoir 2004/109/CE mar a leanas:

(1) I dTreoir 2004/109/CE, cuirtear an tAirteagal 23a seo a leanas isteach:

'Airteagal 23a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-eisitheoir nó an duine a rinne iarratas ar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte gan toiliú an eisitheora, nuair atá an fhaisnéis rialáilte á nochtadh acu de bhun Airteagal 21 (1) den Treoir seo, an fhaisnéis rialáilte sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú de bhun Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis rialáilte sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis

      (i) ainmneacha uile an eisitheora lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eisitheora, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7, pointe (4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an eisitheora, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1, is iad na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil, arna n-ainmniú de bhun Airteagal 21(2) den Treoir seo, a bheidh ina gcomhlachtaí bailiúcháin mar a

shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 29(1) a chur ar fáil ar ESAP, is iad na húdaráis inniúla a bheidh ina gcomhlachtaí bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eisitheora, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

(2) Aisghairtear Airteagal 21a.

Airteagal 4
Leasú ar Threoir 2006/43/CE

I dTreoir 2006/43/CE, cuirtear an tAirteagal 20a seo a leanas isteach:

'Airteagal 20a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta, nuair atá an fhaisnéis á poibliú acu ar ESAP de bhun Airteagal 15 agus Airteagal 30c den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX[Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil náisiúnta a bheidh i gceannas ar an gclár poiblí a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Foilseofar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an iniúchóra reachtúil nó an ghnólachta iniúchóireachta, mar a shonraítear de bhun

Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).'

Airteagal 5
Leasú ar Threoir 2007/36/CE

I dTreoir 2007/36/CE, cuirtear an Chaibidil IIb seo a leanas isteach:

'CAIBIDIL IIb

POINTE ROCHTANA AONAIR EORPAIGH (ESAP)

Airteagal 14c

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 3g(1), Airteagal 3h(1), Airteagal 3h(2), Airteagal 3j(1), Airteagal 3j(2), Airteagal 9a(7), Airteagal 9b(5), Airteagal 9c(2), Airteagal 9c(7), agus Airteagal 14(2) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile na cuideachta lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na cuideachta, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid na cuideachta de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a fháil mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2024, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na faisnéise arna cur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

   (a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

   (b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

   (c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

   Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ESMA anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ESMA measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

   Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

   Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 6
Leasú ar Threoir 2009/65/CE

I dTreoir 2009/65/CE, cuirtear an Roinn IV, Airteagal 82a seo a leanas isteach i gCaibidil IX:

'Roinn IV

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

Airteagal 82a

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh GCUInna, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 68(1), Airteagal 76, Airteagal 78(1) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile an GCUI lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an GCUI, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an GCUI de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh GCUInna an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. D'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, is é ESMA a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

   Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a chur ar fáil ar ESAP, is é ESMA a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an GCUI, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

   Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 99b(1) a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil náisiúnta a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán

(AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an GCUI, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ESMA anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ESMA measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 7
Leasú ar Threoir 2009/138/CE

I dTreoir 2009/138/CE, cuirtear an tAirteagal 304b seo a leanas isteach:

'Airteagal 304b

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais árachais nó athárachais, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 51(1) agus Airteagal 256(1) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

(i) ainmneacha uile an ghnóthais árachais nó athárachais lena mbaineann an fhaisnéis;

(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnóthais árachais nó athárachais, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iii) méid an ghnóthais árachais nó athárachais de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

(c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gnóthais árachais nó athárachais aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 25a agus Airteagal 52(2) den Treoir seo a chur ar fáil ar ESAP, is é ÚEÁPC a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnóthais árachais nó athárachais, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 271(1) agus Airteagal 280(1) den Treoir seo a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de

Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnóthais árachais nó athárachais, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ÚEÁPC anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Déanfaidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 8
Leasú ar Threoir 2011/61/AE

I dTreoir 2011/61/AE**,** cuirtear an tAirteagal 69b seo a leanas isteach:

'Airteagal 69b

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla, nuair atá an fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 7(5) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin a shainmhínítear i mír 2

den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. Chun críocha mhír 1, is é ESMA a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus – i gcás ina bhfuil fáil air - aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an BCIM agus an liosta de na CIManna a bhainistítear nó a mhargaítear mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin. _____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).'

Airteagal 9
Leasú ar Threoir 2013/34/AE

I dTreoir 2013/34/AE, cuirtear an tAirteagal 33a seo a leanas isteach:

'Airteagal 33a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 19a agus 29a, nuair atá na ráitis airgeadais bhliantúla, an tuarascáil bhainistíochta, na ráitis airgeadais chomhdhlúite, an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, an tuarascáil iniúchóireachta agus an tuarascáil maidir le híocaíochtaí le rialtais, atá formheasta go cuí, á bpoibliú acu de bhun Airteagal 30 agus Airteagal 42 den Treoir seo, na ráitis airgeadais bhliantúla sin, an tuarascáil bhainistíochta sin, na ráitis airgeadais chomhdhlúite sin, an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite sin, an tuarascáil iniúchóireachta sin agus an tuarascáil maidir le híocaíochtaí le rialtais sin, atá formheasta go cuí, a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo d'fhonn an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar ESAP, arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX[Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis

(i) ainmneacha uile an ghnóthais lena mbaineann an fhaisnéis;

(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnóthais, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iii) méid an ghnóthais de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

(c) Chun críocha mhír 1(b)(ii), gheobhaidh gnóthais an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus an chineáil faisnéise.

2. Faoin 31 Nollaig 2024, chun críocha mhír 1, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

3. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).'

Airteagal 10
Leasú ar Threoir 2013/36/AE

I dTreoir 2013/36/AE, cuirtear an tAirteagal 116a seo a leanas isteach:

'Airteagal 116a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh(ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na hinstitiúidí, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 68 agus Airteagal 131(12) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX[Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

(i) ainmneacha uile na hinstitiúide lena mbaineann an fhaisnéis;

(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na hinstitiúide, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iii) méid na hinstitiúide de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh institiúidí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. D'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

4. Chun críocha mhír 1, pointí (a) agus (b), forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonra chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚBE measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).'

Airteagal 11
Leasú ar Threoir 2014/59/AE

I dTreoir 2014/59/AE, cuirtear an tAirteagal 128a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 128a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na heintitis ábhartha, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 26(1), Airteagal 29(1), Airteagal 33a(8), Airteagal 35(1), Airteagal 45i(3), Airteagal 83(4), Airteagal 111(2) pointe (a) agus Airteagal 112(1) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile an eintitis ábhartha lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis ábhartha, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an eintitis ábhartha de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh institiúidí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d’fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

4. D’fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

   (a) aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ÚBE anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚBE measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí chun na críche sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).’

Airteagal 12
Leasú ar Threoir 2014/65/AE

I dTreoir 2014/65/AE, cuirtear an tAirteagal 87a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 87a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 27(3), Airteagal 27(6), Airteagal 33(3) pointí (c), (d) agus (f), agus Airteagal 46(2) den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

(i) ainmneacha uile an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh lena mbaineann an fhaisnéis;

(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iii) méid an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

(v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

(c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh eintitis aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 71(1), Airteagal 32(2) an chéad fhomhír, agus Airteagal 52(2) a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil náisiúnta a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 18(10) an ceathrú abairt, Airteagal 58(1) pointe (a), agus Airteagal 59(3) a chur ar fáil ar ESAP, is é ESMA a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus, i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 29(3) a chur ar fáil ar ESAP, is é an clár náisiúnta a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghníomhaire faoi cheangal, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonra eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ESMA anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ESMA measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí chun na críche sin.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 13
Leasú ar Threoir (AE) 2016/97

I dTreoir (AE) 2016/97, cuirtear an tAirteagal 40a seo a leanas isteach:

'Airteagal 40a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32(1) agus Airteagal 32(2) den Treoir seo a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus - i gcás ina bhfuil fáil air - aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).'

Airteagal 14
Leasú ar Threoir (AE) 2016/2341

I dTreoir (AE) 2016/2341, cuirtear an tAirteagal 63a seo a leanas isteach:

'Airteagal 63a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORP, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 23(2) agus Airteagal 29 den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile an IORP lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an IORP, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an IORP de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

(c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh IORP aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30 agus Airteagal 48(4) a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Sula bhforbróidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, déanfaidh ÚEÁPC anailís costais is tairbhe. Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Déanfaidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 15
Leasú ar Threoir (AE) 2019/2034

I dTreoir (AE) 2019/2034, cuirtear an tAirteagal 44a seo a leanas isteach:

'Airteagal 44a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 44 den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile an ghnólachta infheistíochta lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid an ghnólachta infheistíochta de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach ar ina leith a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gnólachtaí infheistíochta aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht

bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20 a chur ar fáil ar ESAP, is é ÚBE a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an ghnólachta infheistíochta mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. Chun críocha mhír 1, pointí (a) agus (b), forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus ÚEÁPC, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus ÚEÁPC, measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí chun na críche sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56-83).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 16
Leasú ar Threoir (AE) 2019/2162

I dTreoir (AE) 2019/2162, cuirtear an tAirteagal 29a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 29a

Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)

1. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh institiúidí creidmheasa a bhfuil cead acu bannaí faoi chumhdach a eisiúint, nuair atá aon fhaisnéis á poibliú acu de bhun Airteagal 14 den Treoir seo, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú de bhun Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

   Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

   (b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:

      (i) ainmneacha uile na hinstitiúide creidmheasa, a bhfuil cead aici bannaí faoi chumhdach a eisiúint, lena mbaineann an fhaisnéis;

      (ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na n-institiúidí creidmheasa, a bhfuil cead acu bannaí faoi chumhdach a eisiúint, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iii) méid na n-institiúidí creidmheasa, a bhfuil cead acu bannaí faoi chumhdach a eisiúint, de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];

      (v) an tréimhse shonrach a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP ina leith, i gcás inarb ábhartha.

   (c) beidh ag gabháil leis an bhfaisnéis ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh institiúidí creidmheasa, a bhfuil cead acu bannaí faoi chumhdach a eisiúint, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].

3. Faoin 31 Nollaig 2025, d’fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an gcomhlacht bailithe a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith sin.

   Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, d’fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 26(1), pointe (b) agus Airteagal 26(1), pointe (c) a chur ar fáil ar ESAP, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina chomhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]. Ullmhófar

an fhaisnéis sin i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint aisti mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP], agus beidh ar áireamh inti ainmneacha agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na hinstitiúide creidmheasa, a bhfuil cead aici bannaí faoi chumhdach a eisiúint, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin, agus beidh ar áireamh inti freisin an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) den Rialachán sin.

4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar:

(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;

(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;

(c) an fhaisnéis a dteastaíonn formáid mheaisín-inléite uaithi agus an fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh ÚBE measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí meaisín-inléite éagsúla agus déanfaidh sé tástálacha allamuigh iomchuí.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

_____

* Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (IO L [...], […], p. […]).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).'

Airteagal 17
Trasuí

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit, faoin [*OP: cuir isteach 12 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm*] ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 18
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 19
Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*